



An Bhruiséil, 15 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14516/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0319 (NLE)

AVIATION 161
RELEX 1340
COLAC 127

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	15 Deireadh Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 549 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Pheiriú maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 549 final.

Faoi iamh: COM(2026) 549 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.10.2026
COM(2026) 549 final

2026/0319 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Pheiriú
maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tar éis bhreithiúnais na Cúirte Breithiúnais sna cásanna ‘Aerspás Oscailte’, mar a thugtar orthu, an 5 Meitheamh 2003, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le tríú tíortha maidir le comhaontú arna thabhairt i gcrích ar leibhéal an Aontais (‘an t-údarú cothrománach’) a chur in ionad forálacha áirithe i gcomhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana idir Ballstáit agus tríú tíortha. Is iad cuspóirí na ‘gComhaontuithe Cothrománacha’ sin rochtain neamh-idirdhealaitheach a thabhairt d’aeriompróirí uile an Aontais Eorpaigh ar aerbhealaí idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha, agus comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus tríú tíortha a chur i gcomhréir le dlí an Aontais.

Rinneadh caibidlíocht le Poblacht Pheiriú maidir le ‘Comhaontú Cothrománach’ roimh 2013 agus mar thoradh uirthi thángthas ar théacs comhaontaithe le Poblacht Pheiriú ag an am sin. Ar bhonn an togra ón gCoimisiún (COM(2013) 423 final), ghlac an Chomhairle an 28 Eanáir 2014 an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht Pheiriú maidir le gnéithe áirithe d’aersheirbhísí (16251/13).

Níor ghlac an Chomhairle riamh an togra ón gCoimisiún maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin (COM(2013) 424 final) ós rud é nár síníodh an Comhaontú Cothrománach le Poblacht Pheiriú ar deireadh.

Chuaigh seirbhísí an Choimisiúin i mbun caibidlíochta arís le Poblacht Pheiriú in 2025 agus rinne siad athchaibidliú ar an gComhaontú Cothrománach.

A luaithe a ghlacfaidh an Chomhairle an togra reatha, aisghairfear an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an síniú agus an cur i bhfeidhm sealadach.

Tá difríocht mhór idir an dréacht-Chomhaontú Cothrománach nuashonraithe agus leagan 2013. Arna iarraidh sin do Pheiriú, níl aon chur i bhfeidhm sealadach ann agus cuireadh isteach forálacha nua maidir leis an ainmniúchán ó Phoblacht Pheiriú. Ina theannta sin, rinneadh liosta na gcomhaontuithe déthaobhacha idir na Ballstáit a chumhdaítear leis an gComhaontú Cothrománach a oiriúnú chun a chur san áireamh nach Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh í an Ríocht Aontaithe a thuilleadh agus go bhfuil comhaontuithe nua caibidlithe ag an bhFionlainn agus ag an bPortaingéil le Poblacht Pheiriú idir an dá linn. Modhnaíodh forálacha éagsúla eile chun dea-chleachtais a eascraíonn as taithí 13 bliana de chomhaontuithe den sórt sin san idirthréimhse a chur san áireamh.

Tá an tionscnamh seo lasmuigh de raon feidhme an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT).

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Déanann forálacha an Chomhaontaithe Chothrománaigh na forálacha atá ann cheana sna 10 gcomhaontú dhéthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus Peiriú a fhorshuíomh nó a chomhlánú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Fónfaidh an Comhaontú seo do chuspóir bunúsach de bheartas eitlíochta seachtrach an Aontais trí na comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana maidir le haersheirbhísí a chur i gcomhréir le dlí an Aontais leis.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí substainteach**

Ós rud é gurb iad príomhchuspóirí agus comhpháirteanna an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Pheiriú maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí rochtain neamh-idirdhealaitheach ar bhealaí idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha a thabhairt d'aeriompróirí uile an Aontais Eorpaigh, agus comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus tríú tíortha a chur i gcomhréir le dlí an Aontais, is é Airteagal 100(2) CFAE an bunús dlí substainteach.

- **Bunús dlí don nós imeachta**

Déantar foráil le hAirteagal 218(5) CFAE, i gcás nach mbaineann an comhaontú atá beartaithe go heisiach ná go príomha leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, cuirfidh an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar síniú an chomhaontaithe.

Molann an Coimisiún go ndéanfaí síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas agus Peiriú a údarú maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is faide anonn.

Is é Airteagal 218(5) CFAE an bunús dlí don nós imeachta atá leis an gcinneadh atá beartaithe síniú an chomhaontaithe atá beartaithe a údarú.

- **Inniúlacht an Aontais**

Mar a léiríodh thuas, thug an Chomhairle údarú cothrománach don Choimisiún in 2003 chun tús a chur le caibidlíocht le tríú tíortha maidir leis an gcineál sin comhaontaithe, agus é mar chuspóir é a shíniú agus a thabhairt i gcrích. Ó shin, tá roinnt comhaontuithe den sórt sin sínithe agus tugtha i gcrích ag an Aontas faoi inniúlacht eisiach.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá an togra bunaithe go hiomlán ar an 'údarú cothrománach' a dheonaigh an Chomhairle, agus na saincheisteanna a chumhdaítear le dlí an Aontais agus le comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí á gcur san áireamh.

- **Comhréireacht**

Leis an gComhaontú seo ní dhéanfar forálacha i gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí a leasú nó a chomhlánú ach a mhéid is gá chun comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú.

- **An rogha ionstraime**

Cuirtear an togra seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle isteach i gcomhréir le hAirteagal 218(5) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar an

comhaontú a shíniú. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir le hAirteagal 218(4) CFAE, rinne an Coimisiún caibidlíocht i gcomhairle le coiste speisialta. Chuathas i gcomhairle leis an tionscadal eitleochta chomh maith le linn na caibidlíochta. Cuireadh barúlacha a tugadh le linn an phróisis sin san áireamh. D'fhóirigh na Ballstáit lena mbaineann cruinneas na dtagairtí do na comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí. Chuir daoine ón tionscal eitleochta béim ar a thábhachtaí atá bunús fóna dlí dá n-oibríochtaí tráchtála.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Measúnú tionchair**

I gcomhréir leis an gcleachtas coiteann, ní thacaíonn Measúnú Tionchair leis an togra seo, ós rud é gurb é an cuspóir atá leis rochtain neamh-idirdhealaitheach ar aerbhealaí idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha a thabhairt d'aeriompróirí uile an Aontais Eorpaigh, agus comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus tríú tíortha a chur i gcomhréir le dlí an Aontais.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Leis an togra seo foráiltear maidir le simpliú na reachtaíochta. Déanfaidh forálacha in aon chomhaontú aonair amháin de chuid an Aontais na forálacha ábhartha de chomhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus Peiriú a fhorshuíomh nó a chomhlánú.

- **Ceartha bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleacht ag an togra i dtaca le buiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tabharfaidh na Páirtithe sa Chomhaontú fógra dá chéile i scríbhinn trí bhealaí taidhleoireachta faoi chur i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha féin ar gá leo chun go

dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm. Tiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm ar dháta an fhógra is déanaí.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Go traidisiúnta, rialaíodh an caidreamh eitlíochta idirnáisiúnta idir na Ballstáit agus tríú tíortha le comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus na tríú tíortha sin, leis na harscríbhinní a ghabhann leis na comhaontuithe sin agus le socruithe déthaobhacha nó iltaobhacha gaolmhara eile.

Mar sin féin, sáraíonn clásail ainmniúcháin thraidisiúnta i gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí na mBallstát dlí an Aontais. Leis na comhaontuithe sin ceadaítear do thríú tír ceadanna nó údaruithe aeriompróra a dhiúltú, a tharraingt siar nó a chur ar fionraí, ar aeriompróir é atá ainmnithe ag Ballstát ach nach bhfuil faoi úinéireacht shubstaintiúil ná rialú éifeachtach an Bhallstáit sin ná a náisiúnach. Cinneadh gur idirdhealú é sin in aghaidh aeriompróirí an Aontais Eorpaigh atá bunaithe i gcíoch Ballstáit ach atá faoi úinéireacht agus faoi rialú náisiúnach Ballstát eile. Tá sé sin contrártha d'Airteagal 49 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh lena ráthaítear do náisiúnaigh na mBallstát a fheidhmiú a saoirse bhunaíochta an chóir chéanna sa Bhallstát óstach agus a chuirtear ar náisiúnaigh an Bhallstáit sin.

I gcomhréir leis na sásraí agus na treoracha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an 'údarú cothrománach', rinne an Coimisiún Comhaontú a chaibidlíú le Poblacht Pheiriú a thiocfaidh in ionad forálacha áirithe sna comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus Poblacht Pheiriú Le hAirteagal 2 den Chomhaontú cuirtear clásail ainmniúcháin de chuid an Aontais in ionad na gclásal ainmniúcháin traidisiúnta, agus leis sin ceadaítear d'iompróirí uile an Aontais tairbhiú go hiomlán dá saoirse bunaíochta.

Agus an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú tugtha i gcrích go rathúil, ba cheart é a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh. Leis seo moltar cinneadh chuige sin.

- **Síniú agus téacs an Chomhaontaithe**

Cuirtear téacs an Chomhaontaithe faoi bhráid na Comhairle in éineacht leis an togra seo.

I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé a áirithiú go síneofar an Comhaontú, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is faide anonn.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Pheiriú
maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. An 5 Meitheamh 2003, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le tríú tíortha maidir le comhaontú ar leibhéal an Aontais a chur in ionad forálacha áirithe i gcomhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana.
2. Rinne an Coimisiún Comhaontú le Poblacht Pheiriú a chaibidliú maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí ('an Comhaontú'). Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil in 2013.
3. An 28 Eanáir 2014, ghlac an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht Pheiriú maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí (ST 16251 2013 INIT¹). Níor shínigh Poblacht Pheiriú an Comhaontú riamh, áfach.
4. Cuireadh inisealacha le leagan leasaithe den chomhaontú sin an **xxxxx 2026**.
5. Is é is cuspóir don Chomhaontú comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir 10 mBallstát agus Peiriú a thabhairt i gcomhréir le dlí an Aontais.
6. An cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht Pheiriú maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí (ST 16251 2013 INIT), ba cheart é a aisghairm.
7. Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Pheiriú maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí a shíniú, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin *.

¹ <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-16251-2013-INIT/en/pdf>

* Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

Airteagal 2

Aisghairtear an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht Pheiriú maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí (ST 16251 2013 INIT) a glacadh an 28 Eanáir 2014.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán